

Seán Ó Cuirreáin á cheapadh mar Choimisinéir Teanga

Eibhlín Ní Chonghaile:

Lá stairiúil do Ghaeil na tíre anseo in Áras an Uachtaráin. Inniu don chéad uair riamh i stair na hÉireann ceapfar Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus ‘sé Seán Ó Cuirreáin, iriseoir agus láithreoir le Raidió na Gaeltachta an fear a bhfuil an dúshlán mór sin amach roimhe.

Seán Ó Cuirreáin:

‘Sé an phríomhrud a bhéas le déanamh againn ná a chinntiú go mbeidh cearta phobal na Gaeilge agus na Gaeltachtaanois á aithint ag an Stáit ar leibhéal amháin agus ar leibhéal eile a chinntiú freisin go mbeidh na dualgaisí atá anois curtha ar an Stáitchóras, go mbeidh sé sin a chomhlíonadh ag an Stáitchóras. Mar sin beidh mé ag cabhrú leis an Stáitchóras ar lámh amháin agus ag cabhrú le pobal na Gaeilge ar an lámh eile.

Eibhlín Ní Chonghaile:

Gan amhras tá obair mhór i ndán do Sheán Ó Cuirreáin, tá an Bille Teanga le cur i bhfeidhm nua glan as a bpíosa agus beidh an dualgas iomlán airsean.

Áine Ní Dhíoraí (RnaG):

Tá dúshlán maith roimhe cinnte, dúshlán an-mhór, ach níl fear níos fearr le tabhairt faoin phost ná Seán, tá oiread fuinnimh ag Seán agus tá sé ar bís, is dóigh, le toisceacht ar an bpost i gceart.

Eibhlín Ní Chonghaile:

Agus gan amhras, lá mór a bhí ann freisin do na heagraíochtaí Gaeilge, a bhí i mbun feachtais don phost le blianta anuas.

Pádraig Ó Ceithearnaigh, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge:

Is dóigh liom é gur ceann do na laethantaí is tábhachtaí ó thaobh stair na Gaeilge di, b'fhéidir ó bhunú an Stáit seo agus is dóigh liom gur...níor ..feidhmiú an Acht...ó rithú an Acht Teanga an bhliain seo caite, seo an chéim is mó ina dhiaidh sin.

Eibhlín Ní Chonghaile:

Táthar ag súil go mbeidh Oifig an Choimisinéara faoi lán tseoil laistigh de mhí nó dhó.

Eibhlín Ní Chonghaile, Nuacht TG4, Bleá Cliath